



An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business, Enterprise and Innovation

**Iarratas ar dhíolúine ó alt 4 den Acht Iomaíochta
2002 de réir ailt 15F den Acht Iomaíochta 2002 (mar
a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta
(Leasú) 2017)**

Foirm iarratais

7 Meán Fómhair 2017

**Iarratas ar dhíolúine ó alt 4 den Acht Iomaíochta 2002 de réir ailt 15F den
Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht
Iomaíochta (Leasú) 2017)**

Nóta tábhachtach:

Ní mór an nóta treorach a ghabhann leis seo a léamh go cúramach sula gcomhlánaítear an fhoirm iarratais*. Comhlánaigh gach cuid den bhfoirm. Mura ndéantar amhlaidh seolfar an fhoirm ar ais chuig an iarratasóir. Is féidir faisnéis a thabhairt ar leathanaigh ar leith más gá.

**: Forálann alt 15E d'Acht na bliana 2002 nach mbeidh feidhm ag alt 4 den Acht i dtaobh cómhargála ná i dtaobh comhaontuithe maidir le catagóir ábhartha oibrí féinhostaithe: áirítear air seo aicme d'oibrí féinhostaithe bréagach nó oibrí féinhostaithe lán-spleách a sonraítear in ordú a rinne an tAire faoi alt 15F den Acht sin.*

1. SONRAÍ CEARDCHUMAINN

1. Ainm an cheardchumainn:

2. Seoladh:

3. Ainm agus sonraí teagmhála an duine teagmhála:

4. Tabhair fianaise go bhfuil ceadúnas idirbheartaíochta reatha faoin Acht Ceardchumainn, 1941 (Uimh. 22 de 1941) ag an gCeardchumann:

2. SONRAÍ OIBRITHE FÉINFHOSTAITHE

1. Cuir in iúl, le do thoil, cé acu an “oibrí féinhostaithe bréagach” nó “oibrí féinhostaithe lán-spleách” iad na hoibrithe a mbaineann an t-iarratas seo leo, de réir brí ailt 15D den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017, nó an comhcheangal de “oibrí féinhostaithe bréagach” agus “oibrí féinhostaithe lán-spleách” iad (cuir tic in aon bhosca amháin, le do thoil).

Féinfhostaithe bréagach:

Féinfhostaithe lán-spleách:

Féinfhostaithe bréagach agus féinfhostaithe lán-spleách araon:

2. Tabhair fianaise, le do thoil, chun údar a thabhairt leis an aicmiú/na haicmithe thuas, fianaise san áireamh chun déileáil leis na critéir atá leagtha amach sna sainmhínithe ar *“oibrí féinfhostaithe bréagach”* agus *“oibrí féinfhostaithe lán-spleách”* in alt 15D den Acht Iomaíochta 2002 (mar a cuireadh isteach trí alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 2017).
3. Má bhaineann an t-iarratas le hoibrithe féinfhostaithe bréagacha agus oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha araon, tabhair mionsonraí ar leith i dtaobh oibrithe féinfhostaithe bréagacha agus i dtaobh oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha araon.
4. Tabhair fianaise, le do thoil, gur baill den gCeardchumann is iarrthóir iad na hoibrithe go léir a bhfuil a gcuid dleachtanna íoctha ina n-iomláine acu ar dháta an iarratais.
5. Tabhair aon mhionsonraí nó faisnéis ábhartha eile, le do thoil, a bhaineann, i dtuairim an Cheardchumainn, leis an mír seo den iarratas.

3. SONRAÍ AN MHARGAIDH INA bhFUIL NA hOIBRITHE FÉINFHOSTAITHE AG OIBRIÚ

1. Déan cur-síos, le do thoil, ar an rud a mheasann an Ceardchumann is iarrthóir gurb é an táirge ábhartha é (i dtaca leis na hearraí agus na seirbhísí atá á dtairiscint) agus ar an margadh geografach nó na margaí geografacha ina n-oibríonn an aicme oibrithe féinfhostaithe bréagacha nó oibrithe féinfhostaithe lán-spleácha lena mbaineann an t-iarratas seo (lena n-áirítear, mar shampla, an earnáil tionscail nó na hearnála tionscail atá i gceist, an cineál táirgí nó seirbhísí a sholáthraítear agus raon geografach an mhargaidh, go háirithe cé acu an soláthraítear na táirgí nó na seirbhísí sa Stát, in Oileán na hÉireann, sa R.A., in áiteanna eile san AE, go domhanda, srl.)

2. Tabhair liosta, le do thoil, de na gnóthais nó na cuideachtaí sna margáí a chlúdaítear sa cheist roimhe seo, a n-imreoidh an t-iarratas seo tionchar orthu (miondealú ar na margáí siúd laistigh den Stát agus lasmuigh den Stát) agus mínigh cén cion den margadh/de na margáí a bhfuil cur-síos déanta air/orthu i bhfreagra an iarrthóra ar an gceist roimhe seo nach bhfuil clúdaithe ag an gcomhaontú dá bhfuil díolúine á lorg.
3. Tabhair fianaise, le do thoil, chun a chruthú nach mbeidh aon éifeacht nó nach mbeidh ach éifeacht fhíor-bheag ag díolúine ar bith atá á lorg san iarratas, ar an margadh ina n-oibríonn an aicme oibrí féinhostaithe faoi chaibidil. (Ba chóir anailís eacnamaíoch mhionsonraithe a bheith san áireamh chun tacú leis an seasamh seo).
4. Tabhair aon mhionsonraí nó faisnéis ábhartha eile, le do thoil, a bhaineann, i dtuairim an Cheardchumainn, leis an mír seo den iarratas.

4. COSTAS A THITEANN AR AN STÁT

1. An leanfaidh as an díolúine (arb í ábhar an iarratais í) nó an mbeidh mar thoradh uirthi go dtitfidh costas suntasach ar an Stát (cuir tic sa bhosca cuí)?

Leanfaidh/beidh:

Ní leanfaidh / ní bheidh:

2. Cuir in iúl, le do thoil, conas a tháinig tú ar an tuiscint seo (anailís mhionsonraithe chun tacú leis an tuiscint seo san áireamh).
3. Tabhair aon mhionsonraí nó faisnéis ábhartha eile, le do thoil, a bhaineann, i dtuairim an Cheardchumainn, leis an mír seo den iarratas.

5. BAINTE LE DLÍ IOMAÍOCHTA

1. Tabhair fianaise, le do thoil, chun a chruthú nach sáróidh díolúine ar bith (arb í ábhar an iarratais seo í) riachtanais an Acht Iomaíochta 2002 ná achtú ná riail an dlí ar bith eile (lena n-áirítear an dlí i ndáil leis an Aontas Eorpach) in aon tslí eile i ndáil leis an toirmeasc ar iomaíocht i dtrádáil earraí ná seirbhísí ar bith a chosc, a shrianadh nó a chlaonadh (cuir anailís dhlíthiúil chun tacú leis an tuiscint seo san áireamh).
2. Tabhair fianaise, le do thoil, nach sáróidh an díolúine atá á lorg de bhun an iarratais dlí iomaíochta an AE, go háirithe Airteagal 101 den gConradh um Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
3. Tabhair aon mhionsonraí nó faisnéis ábhartha eile, le do thoil, a bhaineann, i dtuairim an Cheardchumainn, leis an gcuid seo den iarratas.

6. DEARBHÚ:

Dearbhaímse, _____, thar ceann an Cheardchumainn
_____, go bhfuil an fhaisnéis atá leagtha amach sa bhfoirm iarratais
thuas (agus aon cheangaltán atá ag gabháil leis) cruinn agus cothrom le dáta.

Ainm (bloclitreacha): _____

Síniú: _____

Dáta: _____

Post sa cheardchumann: _____